



An
Bord
Pleanála

**Clár Oibre le haghaidh
Éisteacht ó Bhéal
PL24 .JP0038 /
PL24 .CH3247**

Cás	Foráil do shlí coisithe agus rothar idir an Ionad Spóirt agus an Bóthar Eochaille i mbailte fearainn Rinn na Saileog agus an Bhóithrín, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge.
Dáta	Dé Máirt, 16 Eanáir 2018
Am Tosú	10.00 R.N.
Áit	Óstán an Túir, Port Láirge.

CH3247/JP0038 Ord na nImeachtaí ag an Éisteacht ó Bhéal

- **Réamhrá an Chigire**

Faoi rogha an chigire, seo a leanas a bheidh ord na n-aighneachtaí:

- **Aighneacht an Údaráis Áitiúil**

Tabharfaidh an tÚdarás Áitiúil cur síos ar chás an mheasúnaithe oiriúnaigh agus ar chás an ordaithe ceannaigh éigeantaigh. Ba chóir don chur i láthair díriú ar ábhair nua amháin agus go háirithe ar fhreagra ar an Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise agus ar fhreagra ar an rud céanna ón agóideoir.

- **Aighneacht an Agóideora**

Tabharfaidh an agóideoir aighneacht den seasamh reatha maidir le cás an mheasúnaithe oiriúnaigh agus cás an ordaithe ceannaigh éigeantaigh. Ba chóir don chur i láthair díriú, ar an gcéad dul síos, ar a bhfreagra ar Fhaisnéis Bhreise agus ábhar is cúram dó a thagann as sin.

- **Comhlachtaí Forordaithe**

Beidh an cur i láthair ag díriú ar cheisteanna a thugadh faoi thrácht ag an éisteacht ó bhéal ar an 28 Meitheamh 2016, agus ar fhreagraí ón Údarás Áitiúil agus ón Agóideoir maidir leis na ceisteanna céanna.

Croscheistiú

1. Croscheistiú an Údaráis Áitiúil á dhéanamh ag an Agóideoir
2. Croscheistiú an Agóideora á dhéanamh ag an Údarás Áitiúil
3. Ceisteanna an Chigire

Ord na nAighneachtaí Deiridh

Tabharfar cuireadh d'aighneachtaí deiridh san ord seo a leanas. Tabharfaidh na páirtithe faoi deara **nach féidir argóintí dlíthiúla, ábhair nua nó ceisteanna nua a thabhairt isteach ag an am seo.**

1. Ráiteas deiridh ag an Agóideoir
2. Ráiteas deiridh ag an Údarás Áitiúil

NÓTA: Glacfar le go mbeidh haighneachtaí a chuireadh isteach ag an mBord roimh ré léite agus ní fiú iad a athrú. Ina theannta sin, iarrtar ar rannpháirtithe go leor cóipeanna d'aon cáipéis scríofa a chur ar fáil ag an éisteacht (ar a laghad 2 chóip don Chigire).

Foirm na nImeachtaí ag an Éisteacht ó Bhéal

Cuirtear i gcuimhne do rannpháirtithe go bhfuil struchtúr ag an éisteacht le tuilleadh léiriú, plé agus scrúdú ar cheisteanna ábhartha a éascú thar na haighneachtaí scríofa maidir le cás an ordaithe ceannaigh éigeantaigh agus cás na measúnuithe oiriúnaí thuasluaite. Is féidir le hord na n-imeachtaí athrú, ag brath ar thinreamh ar lá na héisteachta de rogha an chigire. Is gá do na rannpháirtithe é tabhairt faoi deara nach fiú athrú a dhéanamh ar aighneachtaí eile maidir leis na cásanna seo a chuireadh isteach ag éisteachtaí ó bhéal roimhe, agus déanfar díriú ag an éisteacht ar ábhair nua a tháinig suas ó dheireadh na héisteachtaí roimhe, le Freagra ar Fhaisnéis Bhreise a fuair An Bord Pleanála le dáta 31 Iúil 2017 san áireamh.